Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Meitheamh 2017**
**(OR. en)**

**9916/17**

**CYBER 91**
**RELEX 482**
**POLMIL 58**
**CFSP/PESC 476**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 7923/2/17 REV 2 |
| Ábhar: | Dréachtchonclúidí ón gComhairle maidir le creat don chomhfhreagairt taidhleoireachta ón Aontas ar chibearghníomhaíochtaí mailíseacha ("Bosca uirlisí na Cibearthaidhleoireachta")<br>- Glacadh |

1. Ag an gcruinniú a bhí ag an gCoiste Polaitiúil agus Slándála (CPS) ar an 14 Márta 2017, thíolaic SEGS/seirbhísí an Choimisiúin páipéar saincheisteanna comhpháirteacha maidir le comhfhreagairt taidhleoireachta ón Aontas ar chibearoibríochtaí ("Cibearbhosca uirlisí")[1]. Ba dhíol sásaimh do na toscaireachtaí an méid sin, mar aon leis an obair leantach a beartaíodh a dhéanamh sa Mheitheal Chothrománach um Chibearcheisteanna (HWPCI). Mar thoradh air sin, d'iarr CPS ar HWPCI an páipéar a scrúdú go mion i gcomhairle le comhlachtaí ullmhúcháin eile de chuid na Comhairle, nuair b'iomchuí, sula bhfillfeadh sé ar an gceist faoi dheireadh mhí an Mheithimh, agus aird á tabhairt aige ar thoradh an scrúdaithe sin.

2. I ndiaidh do CPS an cúram sin a chur uirthi, cuireadh an páipéar comhpháirteach i láthair agus pléadh é ag an Meitheal Chothrománach um Chibearcheisteanna ar an 22 Márta 2017. Ba dhíol sásaimh do na toscaireachtaí an páipéar agus chuir siad in iúl go sonrach go mbeadh orthu an t-am ba ghá a chaitheamh á phlé go mion. Mar bhealach chun cinn, chuir an-chuid acu in iúl go mb'fhearr leo go ndéanfaí conclúidí ón gComhairle a fhorbairt chun teacht leis an mbosca uirlisí féin.

[1] WK 2569/2017 INIT.

3. I bhfianaise an mhéid sin, d'ullmhaigh an Uachtaránacht dréachtchonclúidí ón gComhairle, faoi mar a leagtar amach in 7923/17, a cuireadh i láthair agus a scrúdaíodh ag dhá chruinniú as a chéile de chuid na Meithle Cothrománaí um Chibearcheisteanna, is é sin ar an 19 Aibreán agus ar an 12 Bealtaine 2017 faoi seach agus rinneadh an téacs a chuíchóiriú a thuilleadh agus a fheabhsú sna cruinnithe sin de réir na mbarúlacha a thug na Ballstáit.

4. Ar an 6 Meitheamh 2017, cuireadh téacs deiridh na ndréachtchonclúidí faoi bhráid an Choiste Pholaitiúil agus Slándála i gcomhréir leis an gcúram a cuireadh air i mí an Mhárta agus rinneadh é a chomhaontú le roinnt ábhar breise[2] d'fhonn go nglacfadh an Chomhairle iad.

5. I bhfianaise an mhéid sin, iarrtar ar COREPER iarraidh ar an gComhairle na dréachtchonclúidí maidir le Creat le haghaidh Comhfhreagairt Taidhleoireachta ón Aontas ar Chibearghníomhaíochtaí mailíseacha, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn iad, a fhormheas.

---

[2] WK 6162/2017 REV 1

# DRÉACHTCHONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE CREAT DON CHOMHFHREAGAIRT TAIDHLEOIREACHTA ÓN AONTAS AR CHIBEARGHNÍOMHAÍOCHTAÍ MAILÍSEACHA ("BOSCA UIRLISÍ NA CIBEARTHAIDHLEOIREACHTA")

**Ghlac Comhairle an Aontais Eorpaigh na conclúidí seo a leanas:**

1. Aithníonn an tAontas go bhfuil deiseanna nach beag ag gabháil leis an gcibearspás, ach go bhfuil dúshláin, atá ag síorathrú, ag baint leis freisin do bheartais eachtracha an Aontais, lena n-áirítear don Chomhbheartas Eachtrach agus Slándála, agus dearbhaíonn sé gur gá, níos mó agus níos mó, sláine agus slándáil an Aontais, a Bhallstát agus a shaoránach a chosaint ó chibearbhagairtí agus ó chibearghníomhaíochtaí mailíseacha.

Meabhraíonn an tAontas na conclúidí uaidh maidir le Straitéis Cibearshlándála an Aontais[3], go háirithe a thiomanta atá sé an cibearspás a choinneáil oscailte, saor, cobhsaí agus slán, áit ina mbeidh feidhm iomlán ag na cearta bunúsacha agus ag an smacht reachta. Meabhraíonn sé freisin na conclúidí uaidh maidir leis an gCibearthaidhleoireacht[4], go háirithe go bhféadfadh cur chuige coiteann agus cuimsitheach ón Aontas don chibearthaidhleoireacht cabhrú le cosc coinbhleachtaí, le maolú na mbagairtí cibearshlándála agus le tuilleadh cobhsaíochta a thabhairt don chaidreamh idirnáisiúnta.

Tugann an tAontas agus a chuid Ballstát dá n-aire an tábhacht a bhaineann le rannpháirtíocht leantach an Aontais sa chibearthaidhleoireacht agus an gá atá le comhleanúnachas i measc na gcibearthionscadal san Aontas chun an chibear-athléimneacht a neartú go héifeachtach, agus spreagtar iad chun a gcuid iarrachtaí a ghéarú a thuilleadh maidir le cibear-idirphlé faoi chuimsiú an chomhordaithe éifeachtaigh beartais, agus cuireann siad i dtreis a thábhachtaí atá sé ciberacmhainneacht a fhothú i dtríú tíortha.

2. Is údar imní don Aontas an méadú atá tagtha ar chumas agus ar thoilteanas gníomhairí stáit agus neamhstáit a gcuid cuspóirí a shaothrú trí dhul i mbun cibearghníomhaíochtaí mailíseacha ar mór eatarthu ó thaobh raon feidhme, scála, fad, déine, castacht, críochnúlacht agus tionchar.

[3] 12109/13.
[4] 6122/15.

Dearbhaíonn an tAontas go bhféadfadh gur gníomhartha éagóracha faoin dlí idirnáisiúnta cibearghníomhaíochtaí mailíseacha agus cuireann sé i dtreis nár cheart d'aon Stát gníomhaíochtaí TFC a dhéanamh atá contrártha dá n-oibleagáidí faoin dlí idirnáisiúnta ná nár cheart dóibh tacú le gníomhaíochtaí den chineál sin go feasach, agus nár cheart dóibh cead a thabhairt go feasach úsáid a bhaint as a gcríoch chun gníomhaíochtaí éagóracha idirnáisiúnta a dhéanamh le TFCanna, mar atá luaite sa tuarascáil ó 2015 ó Ghrúpaí Saineolaithe Rialtais na Náisiún Aontaithe (UN GGE).

3. Meabhraíonn an tAontas a chuid iarrachtaí agus iarrachtaí a Bhallstát chun an chibear-athléimneacht a fheabhsú go háirithe tríd an Treoir maidir le slándáil gréasán agus faisnéise (NIS) agus na sásraí dá bhforáiltear inti don chomhar oibríochtúil a chur chun feidhme, agus meabhraíonn sé gur cionta coiriúla cibearghníomhaíochtaí mailíseacha i gcoinne córais faisnéise, mar a shainítear a leithéid faoi dhlí an Aontais, agus gur iarracht choiteann i gcónaí do na Ballstáit na coireanna sin a imscrúdú agus a ionchúiseamh go héifeachtach.

Tugann an tAontas agus a chuid Ballstát dá n-aire an obair leanúnach atá á déanamh ag Grúpaí Saineolaithe Rialtais na Náisiún Aontaithe (UN GGE) i réimse na faisnéise agus na teileachumarsáide i gcomhthéacs na slándála idirnáisiúnta, agus tuarascálacha 2010, 2013 agus 2015[5] mar bhonn léi, agus spreagtar iad seasamh go láidir leis an gcomhdhearcadh go bhfuil an dlí idirnáisiúnta infheidhme i gcás an chibearspáis. Tá an tAontas agus a chuid Ballstát tiomanta go mór tacú go gníomhach le forbairt na ngnásanna deonacha, neamhcheangailteacha maidir le hiompar freagrach stáit sa chibearspás agus na mbeart réigiúnacha spreagtha muiníne, beartaa chaomhaontaigh an Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip (ESCE)[6] chun baol na gcoinbhleachtaí sin arna n-eascairt as úsáid na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide a laghdú.

Athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé tiomanta díospóidí idirnáisiúnta sa chibearspás a réiteach go síochánta, agus gur cheart, mar ábhar tosaíochta, iarrachtaí uile taidhleoireachta an Aontais a dhíriú ar an tslándail agus ar an gcobhsaíocht a chur chun cinn sa chibearspás trí chomhar méadaithe idirnáisiúnta, agus ar laghdú a chur ar an mbaol míthuisceana, ar ghéarú agus ar choinbhleachtaí a d'eascródh as eachtraí TFC. I dtaca leis sin, meabhraíonn an tAontas an iarraidh ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe ar Bhallstáit na Náisiún Aontaithe na moltaí atá i dtuarascálacha UNGGE a bheith mar threoir acu agus TFCanna á n-úsáid acu.

---

5 A/68/98 agus A/70/174.
6 PC.DEC/1106 an 3 Nollaig 2013 agus PC.DEC/1202 an 10 Márta 2016.

4. Cuireann an tAontas i dtreis go n-imrítear tionchar ar iompar ionsaitheoirí féideartha sa chibearspás sa chás go ndéantar na hiarmhairtí a bheadh ag gabháil le comhfhreagairt taidhleoireachta ón Aontas a chur in iúl go soiléir agus ar an gcaoi sin go ndéantar slándáil an Aontais agus a Bhallstát a atreisiú. Meabhraíonn an tAontas gur cinneadh polaitiúil ceannasach i gcónaí is ea an milleán a chur ar ghníomhaire stáit nó neamhstáit, cinneadh a bhunaítear ar fhaisnéis ó gach foinse agus gur cheart sin a dheimhniú i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta maidir le freagracht stáit. I dtaca leis sin, cuireann an tAontas i dtreis nach gá an milleán a chur ar ghníomhaire stáit nó neamhstáit le haghaidh gach beart de chuid na comhfhreagartha taidhleoireachta ón Aontas ar chibearghníomhaíochtaí mailíseacha.

5. Dearbhaíonn an tAontas go bhfuil bearta a bhíonn faoi chuimsiú an Chomhbheartais Eachtraigh agus Slándála, lena n-áirítear, más gá, bearta sriantacha, arna nglacadh faoi fhorálacha ábhartha na gconarthaí, go bhfuil siad feiliúnach le haghaidh creat don chomhfhreagairt taidhleoireachta ón Aontas ar chibearghníomhaíochtaí mailíseacha agus gur cheart do na bearta sin an comhar a spreagadh, maolú na mbagairtí láithreacha agus fadtéarmacha a éascú, agus tionchar a imirt ar iompar ionsaitheoirí féideartha san fhadtéarma. Oibreoidh an tAontas chun creat don chomhfhreagairt taidhleoireachta ón Aontas ar chibearghníomhaíochtaí mailíseacha a fhorbairt a thuilleadh, agus na prionsabail seo a leanas á threorú:

- cosaint a thabhairt do shláine agus slándáil an Aontais, dá chuid Ballstát agus saoránach,
- an comhthéacs níos leithne a chur san áireamh i dtaca le caidreamh seachtrach an Aontais leis an Stát atá i gceist,
- foráil a dhéanamh maidir le cuspóirí CBES, mar a leagtar amach iad sa Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), a bhaint amach agus maidir leis na nósanna imeachta faoi seach dá bhforáiltear chun iad a bhaint amach,
- a bheith bunaithe ar chomhfheasacht staide arna comhaontú i measc na mBallstát agus a bheith ag teacht le riachtanais na staide nithiúla atá idir lámha,
- a bheith comhréireach le raon feidhme, scála, fad, déine, castacht, críochnúlacht agus tionchar an chibearghnímh,
- urraim a thabhairt don dlí idirnáisiúnta is infheidhme agus gan cearta agus saoirsí bunúsacha a shárú.

6. Iarrann an tAontas ar na Ballstáit, ar an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (EEAS) agus ar an gCoimisiún éifeacht iomlán a thabhairt d'fhorbairt an chreata don chomhfhreagairt taidhleoireachta ón Aontas ar chibearghníomhaíochtaí mailíseacha agus athdhearbhaíonn sé i dtaca leis sin go bhfuil sé tiomanta leanúint leis an obair ar an gcreat úd i gcomhar leis an gCoimisiún, le SEGS agus le páirtithe ábhartha eile trí threoirlínte cur chun feidhme a chur ar bun, lena n-áirítear cleachtais ullmhúcháin agus nósanna imeachta cumarsáide, agus iad a thástáil trí chleachtaí iomchuí.